

- Beidh ar 4 769 mbreitheamh tuata lena n-áirítear an breitheamh sa chúirt a rinne an tarchur agus an t-iarratasóir a bhí fostaithe cheana féin an 15 Lúnasa 2017 aon cheart a eisiamh a ráthaítear le dlí an Aontais a tharscaoileadh má tá sé ar intinn acu, chun fanacht sa phost, dul faoi nós imeachta measúnaithe nua ionas gur féidir, má éiríonn leo, a leanúint i seilbh na hoifige breithiúnaí go dtí 70 bliain d'aois, cé gur dheimhnigh an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus an Aireacht Dlí agus Cirt na breithiúna tuata go léir a bheith ina bpost go dtí an 31 Bealtaine 2024, faoin reachtaíocht a bhí i bhfeidhm go dtí 31 Nollaig 2021, ar a laghad go dtí go gcaithfidh siad an oifig le haghaidh toisc go bhfuil an aois uasta bainte amach acu, agus cé go raibh, tar éis don phost a bheith buan, na coinníollacha a bhainfeadh an bonn de neamhspleáchas agus do-inaistritheacht na mbreithiúna tuata ar tugadh poist bhuana dóibh fós ann de bheith ann;
 - ní áirítear leis an gcabhair airgeadais a chumhdaítear le buiséad an Aontais le haghaidh athchóiriú an chórais ceartais shibhialta agus choiriúil san Iodáil chun triail phras agus chóir a áirithiú, mar a shainítear sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP), aon bheart chun tacú leis na breithiúna tuata agus atá dírithe go príomha ar fhostaíocht ar théarma seasta 16 500 cúntóir riaracháin a earcaítear don “oifig le haghaidh imeachtaí” (*ufficio del processo*), atá fostaithe ag an Aireacht Dlí agus Cirt ar na téarmaí eacnamaíocha céanna leis na breithiúna tuata ar tugadh poist bhuana dóibh, ach faoi réir coinníollacha do-aistritheachta ar leibhéal araíonachta ar feadh na tréimhse fostaíochta, nach n-aithnítear do na breithiúna tuata, fiú tar éis poist bhuana a thabhairt dóibh?
- 4) I gcás freagra dearfach ar an gcéad trí cheist, an bhfuil Airteagal 278 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 160 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais neamhdhleathach, le bheith contrártha d'Airteagail 2, 6 agus 19 den Chonradh [ar an Aontas Eorpach], a mhéid nach gceadaítear don Chúirt Bhreithiúnais, i gcomhthéacs iarraidh ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, na bearta eatramhacha is gá a ghlacadh, lena n-áirítear gníomhartha reachtacha náisiúnta a fhionraí lena mbainfeadh an bonn den smacht reachta agus lena ndéantar dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais de réir na bprionsabail agus na gcoinníollacha a leagtar síos i Rialachán 2020/2092?

(¹) Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP (IO 1999 L 175, lch. 43).

(²) IO 2020 L 433I, lch. 1.

Iarraidh ar réamhrialú ón *Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch* (an Ísiltír) a taisceadh an 18 Márta 2022 – F v *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid*

(Cás C-208/22)

(2022/C 257/28)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: F

Cosantóir: Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. Ar chóir Rialachán Bhaile Átha Cliath, (¹) ag féachaint d'aithrisí 3, 32 agus 39 de, agus arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4, 18, 19 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh, a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcaoi nach bhfuil prionsabal an iontaobhe idirstáit inroinnte, sa chaoi gurbh é an toradh a bheadh ar shárúithe dáiríre agus córasacha ar dhlí an Aontais arna dhéanamh ag Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith freagrach astu, roimh aistrithe, maidir le náisiúnaigh de thríú tír nach fillithe de bhrí Rialachán Bhaile Átha Cliath (go fóill) iad, ná bac iomlán ar a n-aistriú chuig an Ballstáit sin?
2. Má thugtar freagra diúltach ar an gceist roimhe seo, ar chóir Airteagal 3(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4, 18, 19 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gurbh é is ciall leis ná, má dhéanann an Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith freagrach as sárú ar dhlí an Aontais i gcaoi dháiríre agus chórasach, nach féidir leis an mBallstáit a dhéanann an t-aistriú, de réir chreat Rialachán Bhaile Átha Cliath, brath go dall ar phrionsabal an iontaobhe idirstáit agus nach mór dó gach amhras a dhíbhe nó a léiriú nach gcuirfeadh an t-iarratasóir i ndálaí atá i gcontráthacht le hAirteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i ndiaidh an aistrithe?

3. Cén fhianaise ar féidir leis an iarratasóir a úsáid mar thaca lena áitimh go gcuireann Airteagal 3(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath bac ar a aistriú, agus cén caighdeán cruthúnais ar chóir a chur i bhfeidhm? I bhfianaise na dtagairtí do *acquis* an Aontais in aithrisí Rialachán Bhaile Átha Cliath, an bhfuil dualgas comhair nó fíoraithe ar an mBallstát a dhéanann an t-aistriú, nó, i gcás sárúithe dáiríre nó córasacha ar chearta bunúsacha de chuid náisiúnaigh tríú tír, an bhfuil sé riachtanach go bhfaighfí ráthaíochtaí ón mBallstáit a bheadh freagrach go léireofar meas (go cinnte) ar chearta bunúsacha an iarratasóra i ndiaidh a aistriú? An bhfuil freagra éagsúil ar an gceist seo má tá easpa fianaise ag an iarratasóir a mhéid nach bhfuil sé in iúl tacú lena ráitis sheasmhacha agus mhionshonraithe le doiciméid, nuair nach féidir a bheith ag súil go ndéanfadh sé amhlaidh, i bhfianaise chineál na ráiteas?
4. An bhfuil freagra éagsúil ar na ceistanna seo romhainn faoi III éagsúil má léiríonn an t-iarratasóir nach mbeidh gearán chuig na húdaráis agus/nó dul i muinín leigheasanna dlí sa Bhallstáit freagrach indéanta agus/nó nach mbeidh éifeacht acu sin?

(¹) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Finanzgericht Hamburg (an Ghearmáin) a taisceadh an 18 Márta 2022 –
Stappert Deutschland GmbH v Hauptzollamt Hanover (an Ghearmáin)**

(Cás C-210/22)

(2022/C 257/29)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Finanzgericht Hamburg

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Stappert Deutschland GmbH

Cosantóir: Hauptzollamt Hanover

Na ceistanna a tharchuirtear

1. An gcuimsítear leis an téarma “próifílí tolla” sa rial tionscnaimh i bhfo-cheannteideal 7304 41 den chóras comhchuibhithe d'Iarscríbhinn 22-01 den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le Cód Custaim an Aontais, (¹) ina leagtar síos mar choinníoll le haghaidh éadail tionscnaimh “athrú ó phróifílí tolla i bhfo-cheannteideal 7304 49” (Rial tionscnaimh le haghaidh próifílí tolla), ábhar príomha teofhoirmithe faoi fho-cheannteideal 7304 49 HS, atá díreach agus a bhfuil a dtiús balla aonfhoirmeach, nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le caighdeán teicniúil le haghaidh píopaí teofhoirmithe cruach dosmálta gan uaim agus óna dtáirgtear píopaí ag a bhfuil trasghearradh agus tiús balla difriúil trí obair fhuar?
2. Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist nó mura gá í a fhreagairt: an sáraítear Airteagail 60(2) agus 284 de Chód Custaim an Aontais (²) agus Airteagal 290 CFAE leis an rial tionscnaimh le haghaidh próifílí tolla de bharr
 - (a) easpa cúiseanna,
 - (b) go bhfuil sé ró-dhoiléir nó
 - (c) go gcuirtear próisis mheaisínithe as an áireamh ón gcinneadh maidir le tionscnamh, lena ndeonófaí tionscnamh faoi Airteagal 60(2) de Chód Custaim an Aontais?
3. Más freagra dearfach a thabharfar ar an dara ceist: an gcinntear éadail tionscnaimh na n-earraí i bhfo-cheannteideal 7304 41 den chóras comhchuibhithe sna príomhimeachtaí i gcomhréir leis an rial tionscnaimh le haghaidh fho-cheannteideal 7304 41 den chóras comhchuibhithe d'Iarscríbhinn 22-01 den Rialachán Tarmligthe maidir le Cód Custaim an Aontais “Athrú ar an gceannteideal taraife” an rial fúlligh i gCaibidil 73 den chóras comhchuibhithe in Iarscríbhinn 22-01 den Rialachán Tarmligthe maidir le Cód Custaim an Aontais nó i gcomhréir le hAirteagal 60(2) de Chód Custaim an Aontais?

(¹) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 1).

(²) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1).